*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Tuairisc ar Chigireacht Leantach

## Gailscoil Uí Néill
## Oileán an Ghuail

## Dáta na Cigireachta: Márta 2008

**CIGIREACHT LEANTACH I NGAELSCOIL UÍ NÉILL, OILEÁN AN GHUAIL, CO THÍR EOGHAIN BT71 4PU (504-6637)**

Sa chigireacht fhócasaithe a rinneadh ar Gaelscoil Uí Néill i mí an Mhárta 2005 tugadh aird ar leith ar láidreachtaí na scoile, agus orthu siúd bhí:

- an t-éiteas cluthar lán carthanachta agus fearadh na fáilte ann;
- caidreamh an-mhaith idir daoine ag gach leibhéal;
- an fhoireann dhúthrachtach d'oibrithe crua;
- na páistí aoibhiúla, cúirtéiseacha, dea-mhúinte;
- mionphleanáil scríofa na múinteoirí ina gcuirtear síos go soiléir sonrach ar an ábhar a bheartaítear a theagasc;
- na samplaí de theagasc an-mhaith a chonacthas le linn na cigireachta;
- tacaíocht na dtuismitheoirí; agus
- na naisc éifeachtacha, agus naisc churaclaim san áireamh, idir an scoil agus Gaelscoileanna eile idir ionaid réamhscoile, bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna.

Aithníodh sa chigireacht gur ghá feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- an dianriachtanas go gcinnteofar go gcloífear leis na treoracha i ngnóthaí a bhaineann le Cosaint Leanaí; agus
- an gá go dtabharfaidh an príomhoide treoir don fhoireann san obair a ghabhann le faireachán agus luacháil éifeachtach a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar theagasc ar fud na scoile.

San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na nithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair na scoile:

- tá an scoil i ndiaidh tabhairt faoi dhianchlár forbartha agus feabhsaithe go díograiseach faoi threoir Oifigeach ó Sheirbhís Chomhairleach agus Tacaíochta Churaclaim (SCTC) Bhord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt agus ó fhoireann Sheirbhís Chomhairleach agus Tacaíochta Idirbhoird an Churaclaim don Earnáil Ghaeloideachais.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna cigireacht a lean uaithi sin ar 11 Márta 2008.

Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a rinneadh ó bhí an chigireacht fhócasaithe ann:

- tá athbhreithniú agus leasú uileghabhálach déanta ag an scoil ar na socruithe aici le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí agus chuathas i gcomhairle leis na gobharnóirí, leis na páistí agus leis na tuismitheoirí fúthu, agus cuireann an scoil na treoracha, a bhfuil cur síos orthu in imlitreacha iomchuí de chuid na Roinne Oideachais, i bhfeidhm anois go hiomlán; agus

- tá an fhoireann i ndiaidh aontú ar struchtúir le faireachán agus luacháil a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar theagasc agus tá siad sin á gcur i bhfeidhm go héifeachtach ar fud na scoile.

Tá dul chun cinn mór déanta sna réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh le linn na chéad chigireachta. Tá freastal maith á dhéanamh ar riachtanais oideachais agus tréadchúraim na bpáistí. Féadfaidh na tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne muinín a bheith acu as a éifeachtaí a d'fhreagair an scoil do chinntí na cigireachta agus as an chumas atá inti cloí le féinfheabhsú go buan.

© CROWN COPYRIGHT 2008

This report may be reproduced in whole or in part, except for commercial purposes or in connection with a prospectus or advertisement, provided that the source and date thereof are stated.

Copies of this report are available on the DE website: www.deni.gov.uk or may be obtained from the Inspection Services Branch, Department of Education, Rathgael House, 43 Balloo Road, Bangor, Co Down BT19 7PR.